NYCI National Youth Council of Ireland

NÓTAÍ TREORACH

AG TOSÚ AMACH 2.0

Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le Ceartas Aeráide a Thuiscint - ÉICI-EOECNA



Treoir d'Oibrithe Deonacha maidir le Ceartas Aeráide a Thuiscint - ÉICI-EOECNA

Maidir linn

Is í ÉICI-EOECNA Oideachas Comhshaoil agus Eagraíocht Óige na hÉireann a oibríonn chun an comhshaol a chaomhnú agus daoine óga a chumasú. Tá ÉICI-EOECNA cleamhnaithe le Cónaidhm Dhomhanda Clubanna, Lárionad agus Cumann EOECNA (WFUCA). Oibríonn ÉICI-EOECNA ar fud oileán na hÉireann agus le páirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta; táimid cleamhnaithe le EOECNA mar Phríomhpháirtí ina Chlár Gníomhaíochta Domhanda in ESD. Oibríonn ÉICI-EOECNA le daoine óga i suíomhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, i meánscoileanna, seirbhísí óige agus pobail ar fud na hÉireann trí roinnt clár, ceardlann, oiliúna agus Clubanna cleamhnaithe ÉICI-EOECNA um Inbhuanaitheacht agus Comhshaoil.

Clár an Aosa Óig ar son na hAeráide:

Cuireann ÉICI-EOECNA ról gníomhach na ndaoine óga chun cinn maidir le seasamh a ghlacadh ar son an cheartais aeráide agus an comhshaol a chosaint ó thionchair shóisialta agus fhisiciúla an athraithe aeráide de bharr daoine. Díríonn Clár an Aosa Óig ar son na hAeráide ar dhaoine óga atá ag iarraidh a scileanna abhcóideachta a fhorbairt, a bheith ina gceannairí

comhshaoil, tionscadal gníomhaíochta ar son na haeráide agus an cheartais aeráide a chur i bhfeidhm agus caidreamh a bhunú le daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Acmhainní úsáideacha



- Féach ar an bhfíseán seo ina míníonn daoine óga cad is Ceartas Aeráide ann https://youtu.be/XTewwF2qKA8

- Lámhleabhar Chlár an Aosa Óig ar son na hAeráide: Acmhainn a forbraíodh d'oibrithe óige, ceannairí óige agus oideoirí a chuireann eolas, comhairle agus uirlisí ar fáil chun cabhrú leat agus le do dhaoine óga tuilleadh a fhoghlaim faoin gCeartas Aeráide agus tacú leat maidir le tionscadail ghníomhaíochta a chur i gcrích

  https://ecounesco.ie/wp-content/uploads/2024/08/Youth-Climate-Advocate-Resource-Booklet-1.pdf

Cleachtadh: Cruthaigh do Bhratach féin ar son an Cheartais Aeráide

Iarr ar rannpháirtithe tobsmaointeoireacht a dhéanamh, le húsáid a bhaint as nótaí greamaitheacha, cad ar a smaoiníonn siad nuair a chloiseann siad na focail Ceartas Aeráide. Spreag machnamh le húsáid a bhaint as na leideanna seo a leanas:

- Cad é do thuairim faoin athrú aeráide?
- Conas is féidir linn athrú a dhéanamh?
- Cén teachtaireacht atá agat don Domhan Beag Seo?
- Cén éilimh atá agat do na daoine a bhfuil an chumhacht acu athrú a dhéanamh?

Iarr ar rannpháirtithe breathnú ar na nótaí a scríobh an grúpa.

Iarr ar rannpháirtithe anois smaoineamh ar bhealach inar féidir leo dul i ngleic le ceann amháin de na fadhbanna sin trí theachtaireacht a scríobh. Beidh orthu smaoineamh ar spriocghrúpa na teachtaireachta agus conas í a chur in iúl. Mínigh don ghrúpa gur bealach láithreach agus tarraingteach ó thaobh amhairc de iad bratacha an athraithe aeráide agus an cheartais aeráide chun teachtaireacht chasta is féidir le gach duine a fheiceáil agus a thuiscint a chur in iúl.

Thíos, tá roinnt teachtaireachtaí a úsáideadh i gceardlanna roimhe seo.



Iarr ar rannpháirtithe a mbratach féin ar son an cheartais aeráide a fhorbairt.

Is féidir leat múrphictiúr a chruthú leis na bratacha ar fad a fhorbraíonn an grúpa.

Ceardlanna:

Cuireann ÉICI-EOECNA saincheardlanna comhshaoil ar fáil do dhaoine óga ar fud oileán na hÉireann. Tá ár gceardlanna ar fáil do scoileanna agus do ghrúpaí óige, agus cuireann siad eispéireas bríomhar agus spéisiúil ar fáil atá dírithe ar dhaoine óga a chumasú. Deartar gach ceardlann chun tuiscint níos doimhne ar inbhuanaitheacht a chothú trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha agus foghlaim bunaithe ar phiaraí, a thacaíonn le curaclam na scoile agus a chuireann forbairt phearsanta chun cinn. Agus iad ag clúdach topaicí amhail Dramhaíl, Bithéagsúlacht, faisean agus Forbairt Inbhuanaithe, tacaíonn ceardlanna ÉICI-EOECNA le daoine óga páirt a ghlacadh sa ghníomhú ar son na haeráide ar leibhéal aonair nó áitiúil.





- Is féidir leat na ceardlanna éagsúla a bhrabhsáil agus seisiún a chur in áirithe trí chuairt a thabhairt ar ár suíomh gréasáin ag

  https://ecounesco.ie/10-18-youth-programmes/environmental-workshops/

- Más mian leat do shaineolas comhshaoil faoin gComhshaol, Forbairt Inbhuanaithe agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a fhorbairt agus scileanna nua a fhoghlaim maidir le gníomhú ar son na haeráide, is féidir leat páirt a ghlacadh i gceann dár gcúrsaí féinluais ar an ECO-Academy dár gcuid. Is féidir páirt a ghlacadh i gcúrsaí agus ceardlanna réamh-thaifeadta ag am ar bith agus ag luas a oireann duit. Breathnaigh ar ár gceardlanna agus cúrsaí ag https://learn.ecounesco.ie/

Gradaim Comhshaolaí Óg:

Bunaíodh Gradaim Comhshaolaí Óg sa bhliain 1999 agus is clár uile-Éireann é a chúitíonn agus a aithníonn daoine óga idir 10-18 mbliana d'aois a ghlacann páirt i ngníomhú ar son na haeráide. Ó ghairdíní pobail go tionscadail uaschúrsála, is féidir le daoine óga aon réimse comhshaoil is mian leo a iniúchadh agus scileanna san obair foirne agus muinín a fhorbairt ag an am céanna, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ar a bhforbairt phearsanta féin. Tugtar tacaíocht do ghrúpaí trí Lámhleabhar 6 Chéim i dTreo an Ratha, seisiúin tacaíochta le meantóirí, cúrsa ar líne agus acmhainní eile. Tríd an gclár, tá seans ag daoine óga a dtionscadal a chur i láthair do phainéal moltóirí ag an gcomórtas leathcheannais ECO-Dens dár gcuid, atá sa stíl Dragons' Den, i mí an Mhárta/Aibreáin, agus chun a n-obair a chur ar taispeáint ag an Seóthaispeántas Deiridh agus an Searmanas Bronnta i mí na Bealtaine.

Acmhainní Úsáideacha



- 1. Lámhleabhar Ghradaim Comhshaolaí Óg: Treoirleabhar iontach le gníomhaíochtaí agus acmhainní chun tacú le múinteoirí agus meantóirí páirt a ghlacadh i dtionscadail gníomhaithe ar son na haeráide:

  https://ecounesco.ie/wp-content/uploads/2024/09/YEA-Programme-Manual.pdf

- 2. Lámhleabhar Ghníomhú na nÓg ar son an Dúlra agus na Folláine: Sraith uirlisí atá maisithe go hálainn don Ghníomhaíochas ECO

  https://www.yafnaw.eu/toolkit

(Ábhar agus cleachtadh curtha ar fáil ag Claudio Nicosia, Éici-Eoecna.)